Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**16201/25**
**ADD 1**

**LIMITE**

**AG 189**
**BETREG 47**

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Conclúidí maidir le simpliú agus rialáil níos fearr<br>- Ráiteas ón bPortaingéil |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn ráiteas ón bPortaingéil.

## RÁITEAS ÓN bPORTAINGÉIL

Tacaíonn an Phortaingéil le cuspóirí an Aontais i ndáil leis an gclár oibre maidir le simpliú agus rialáil níos fearr, agus aithníonn sí a thábhachtaí atá na hiarrachtaí sin chun iomaíochas na hEorpa a threisiú agus, ag an am céanna, bonn taca a chur faoi ardchaighdeáin agus faoi shláine an Mhargaidh Aonair. Ní mór na cuspóirí sin a bhaint amach ar fud réigiúin agus chríocha uile an Aontais, agus aird chuí á tabhairt ar an tionchar éagsúil a d’fhéadfadh a bheith ag reachtaíocht an Aontais ar chórais dlí na mBallstát. Sa chomhthéacs sin, bunaítear le hAirteagal 349 CFAE an gá sonrach atá le saintréithe agus srianta speisialta na réigiún is forimeallaí a chur san áireamh. Ní mór don Choimisiún an t-uathúlacht sin, mar a aithnítear in CFAE, a urramú go cuí agus measúnuithe tionchair á ndéanamh aige ar na tograí reachtacha a mheastar a mbeidh tionchair shuntasacha eacnamaíocha, chomhshaoil nó shóisialta acu.

PUBLIC